

| Matamaitic                               | Meitheal Forbartha, Cruinniú #11                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            | 24 Meán Fómhair 2025 |
|------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------|
|                                          | Cur Síos Gairid                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             |                      |
| Mír ar an gClár                          | Nótaí                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       |                      |
| Miontuairiscí, Rialachas                 | Miontuairiscí, agus níor cuireadh aon choimhlint leasa in iúl.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              |                      |
| An tEolas is Déanaí agus teimpléad       | Forbhreathnú gairid agus plé ar chuspóir theimpléad na sonraíochta agus ar an gcaoi a leagtar na snáitheanna staidéir amach.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                |                      |
| Dréachtsnáithe 3 Samhaltú le Staitisticí | <p>Tugadh breac-chuntas ar an tasc agus pléadh é. Cuireadh grúpaí beaga le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dréachtsnáithe. Áiríodh seo a leanas leis an aiseolas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Bhíothas sásta ar an iomlán leis an dréachtsnáithe agus laghduithe ar chuid de na réimsí le haghaidh GL agus mionleasuithe le haghaidh AL.</li> <li>• Measadh go raibh litearthacht staitistiúil riachtanach, agus teicneolaíocht agus sonraí á tacú</li> <li>• Pléadh an bealach is fearr chun teicneolaíocht a leabú san fhoghlaim</li> <li>• Pléadh an bealach ina dtugtar faoi thopaicí a athrú trí Thascanna Foghlama Feidhmí, ach níor thángthas ar aon chomhaontú</li> <li>• Rinneadh an cinneadh roinnt infeireas staitistiúil coincheapúil a áireamh i GL ach roinnt infeireas matamaiticiúil foirmiúil a choinneáil in AL</li> <li>• Rannán dóchúlachta ar leith le bheith curtha san áireamh sa tsonraíocht</li> </ul> |                      |
| Na chéad chéimeanna eile                 | <p>Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirtíocht ghníomhach leis an gcruinniú. Moladh féachaint ar réimsí ar leith shnáithe 2 le haghaidh an chéad chruinnithe eile, lena n-áirítear feidhmeanna triantánachta, cruthúnas a iniúchadh trí chéimseata agus maitrísí sa chomhthéacs curaclaim níos leithne. Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú ar an bplé agus ullmhóidh dréachtábhair don chéad chruinniú eile.</p> <p><b>An Chéad Chruinniú Eile:</b> Luan 20 Deireadh Fómhair</p>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     |                      |